Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2026
(OR. en)

8836/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0297 (COD)**

CODEC 853
POLCOM 166
SPG 4

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Ghréig, an Spáinn agus an Iodáil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Maidir leis an dréacht-Rialachán lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife, ba mhaith leis an nGréig, leis an Spáinn agus leis an Iodáil, arb ionann iad le chéile agus thart ar 85 % de tháirgeadh ríse an Aontais, an méid seo a lua. Is garsprioc ríthábhachtach é an sásra coimirce uathoibríoch do rís a áireamh. Mar sin féin, níorbh é an sásra coimirce féin an aidhm a bhí againn agus sinn ag tacú leis an gcoimirce, ach an chosaint a dheonófaí leis an sásra coimirce. Ar an drochuair, tugann toradh na caibidlíochta le tuiscint nach leor an sásra coimirce chun staid earnáil ríse na hEorpa a mhaolú.

Bhíomar rannpháirteach, ar bhealach cuiditheach, le linn an phróisis agus léiríomar solúbthacht chun teacht ar chomhréiteach ach, dar linne, bheadh sé beagnach dodhéanta an sásra coimirce sin a ghníomhachtú i ngeall ar an athbhreithniú bliantúil ar na tairseacha agus ar an sárú de 45 % ar allmhairí ríse.

Fágann sin nach bhfuilimid in ann toradh an chruinnithe thríthaobhaigh a tionóladh an 1 Nollaig 2025 a fhormhuiniú, ós rud é nach sainítear paraiméadair an tsásra coimirce uathoibríoch do rís ar bhealach lena n-áirithítear a éifeachtacht, ná a ghníomhachtú tráthúil nuair is gá chun inmharthanacht earnáil ríse na hEorpa a choimirciú.

Ag féachaint chun cinn, is dearcadh iomlánaíoch a bheidh de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá roimh earnáil ríse na hEorpa agus na dúshláin sin a áireamh i gcomhaontuithe a bheidh ann amach anseo.